Briefing
Foirgnimh Pharlaimint na hEorpa

Parlaimint na hEorpa

Foirgneamh Eastman: seoid oidhreacht na Bruiséile d'Áras Stair na hEorpa

ACHOIMRE

Déanann foirgneamh Eastman atá suite i gcroílár cheantar Leopold agus in aice na n-institiúidí Eorpacha, fáilte a chur roimh Áras Stair na hEorpa, a osclóidh sa dara leath de 2016. Lamhálann rogha agus athchóiriú na hiarchlinice fiaclóireachta seo stair an fhoirgnimh shuntasaigh seo d'oidhreacht na Bruiséile agus na hEorpa a chur chun cinn. Bunaithe ag George Eastman, bunaitheoir cuideachta Kodak , tógadh an clinic fiaclóireachta i 1935 i bPáirc Leopold, ionad eolaíochta agus caithimh aimsire ó dheireadh an 19ú céad. Clinic poiblí, ionad teagaisc agus teach altranais, faoi seach, ghlac Parlaimint na hEorpa an foirgneamh ó 1985 chun cóiríocht a thabhairt do sheirbhísí riaracháin, do chlólann agus do naíolann. Thar na blianta, d'úsáid comhlachtaí Eorpacha eile amhail an tOmbudsman Eorpach nó Cúirt Iniúchóirí na hEorpa an foirgneamh freisin. In 2009, chinn Parlaimint na hEorpa, tar éis athchóiriú agus leathnú suntasach, gur cheart go bhfreastalódh sé d'Áras Stair na hEorpa. Beidh sé mar mhisean aige stair na hEorpa a chur i láthair le dhá chéad bliain anuas agus úsáid á baint as músaeolaíocht an-nua-aimseartha. Mar sin, leanfaidh foirgneamh Eastman den phobal a oiliúint agus d'fháiltiú roimhe.

Foinse: Atelier d'architecture Chaix & Morel et Associés, Paris JSWD, Köln Image: © E.Young / AACMA - JSWD.

Inneachar:

- George Eastman, daonchara
- Parc Léopold agus an clinic fiaclóireachta
- Clinic Eastman, spás don eolaíocht is don dlúthpháirtíocht
- An clinic is Parlaimint na hEorpa
- Céimeanna sa phróiseas comhshó
- Áras Stair na hEorpa – an tionscadal
- Príomhthagairtí

EPRS | Seirbhís chuardaigh Pharlaimint na hEorpa
Údair: Philippe Perchoc agus Étienne Deschamps
Seirbhís chuardaigh na bhFeisirí agus Áras Stair na hEorpa
Feabhra 2016
PE 577.957

GA
(or. FR)

George Eastman, daonchara

Rugadh George Eastman in Waterville (Stát Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe) i 1854. Dílleachta óg 14 bliana d'aois ab ea George Eastman nuair a thosaigh sé ag obair in árachas agus ansin i mbaincéireacht. Ach is trí grianghrafadóireacht, deich mbliana ina dhiaidh sin, a d'aimsigh sé a fhíorshlí bheatha. D'oibríodh sé ar mire i gcistin a mháthar chun an ghrianghrafadóireacht a shimpliú, d'éirigh leis próiseas pláta thirim a fhorbairt, a phaitinnigh sé i 1880. Ceithre bliana dá éis sin , d'athraigh sé an ghrianghrafadóireacht as éadan agus réitigh sé an tslí don phictiúrlann trí scannán ceallalóid a cheapadh. I 1888, bhunaigh sé Eastman Kodak, foinse a chuid saibhris.

Bhí George Eastman an-fhlaithiúil freisin. Dháileadh sé cuid mhaith dá shaibhreas ar an gcarthanacht agus an tríú cuid de scaireanna a chuideachta ar a fhostaithe, rud a réitigh an tslí do scairúinéireachta fostaithe. Ba chúis mhór imní dó a fheiceáil chomh holc a bhí sláinte béil agus fiaclóireachta leanaí bochta i gcoitinne, mhaoinigh Eastman bunú na chéad institiúide fiaclóireachta, i 1917 in Rochester (Stát Nua-Eabhrac), an chathair ina bhfuil céadmhonarcha Kodak suite. Soláthraíonn an institiúid cúram fiaclóireachta saor in aisce don phobal. Lean George Eastman air chun institiúidí den chineál céanna a bhunú i Londain, sa Róimh, i bPáras, i Stócólm agus sa Bhruiséil. I 1931, bhronn Eastman milliún dollar ar choiste leasa phoiblí na Bruiséile chun samhail institiúide fiaclóireachta a thógáil chun cóireáil saor in aisce a thabhairt do leanaí bochta na cathrach. Roghnaíodh suíomh dar tomhas 2000m² ar imeall Parc Léopold agus leagadh bunchloch an fhoirgnimh i 1934.

Parc Léopold agus an clinic fiaclóireachta

Parc Léopold, ionad eolaíochta

Iarmhar seanghleann Maelbeek is ea Parc Léopold. I lár an 19ú haois bhí tírdhreach Sasanach ar an bpáirc a dearadh don chaitheamh aimsire agus do lucht an airgid. Thángthas ann go príomha chun taispeántais agus deismireáin Chumann Ríoga na Zó-eolaíochta, na Gairneoireachta agus an Chaithimh Aimsire a fheiceáil. Ach is ag casadh an 20ú haois a mhol Ernest Solvay, tionsclaí Beilgeach, go suiteálfaí cathair eolaíochta ann. Chuir na heolaíochtaí Solvay faoi dhraíocht agus d'eagraigh sé cruinnithe rialta idir na heolaithe comhaimseartha ba shuntasaí, lena n-áirítear Marie Curie, Henri Poincaré, Albert Einstein agus Paul Langevin. Le tacaíocht ó chathair na Bruiséile agus ó phátrúin phríobháideacha, tógadh cúig institiúid go luath sa pháirc: institiúidí na fiseolaíochta, an tsláinteachais, na hanatamaíochta, na socheolaíochta agus scoil ghnó. Sna 1920í athraíodh ionad na n-institiúidí i ndiaidh a chéile go campas nua an Université Libre de Bruxelles. D'oscail Institiúid Fiaclóireachta George Eastman a doirse i 1935, tar éis a insealbhú i láthair Rí Léopold III agus Bhanríon Astrid, mí roimh a bás i dtimpiste. Ghlac meánscoil Émile Jacqmain seilbh na seaninstitiúide fiseolaíochta i 1955.

Michel Polak (1885-1948)

Rugadh Michel Polak, ailtire Eilvéiseach, i Meicsiceo. D'oibrigh sé go príomha sa Bheilg tar éis staidéar a dhéanamh in Zurich agus i bPáras. Tá cathair na Bruiséile faoi chomaoin aige as roinnt dá príomhfhoirgnimh. Tá siad tógtha den chuid is mó i stíl Art Déco agus ina measc tá óstáin mhóra nó tithe baile amhail Villa Empain. Tá dhá cheann dá fhoirgnimh á n-úsáid faoi láthair ag na hinstitiúidí Eorpacha: Résidence Palace (Comhairle na hEorpa) agus Foirgneamh Eastman (Áras Stair na hEorpa).

Tógáil an chlinic fiaclóireachta

Tá dearadh Fhoirgneamh Eastman bunaithe ar phleananna chlinic Rochester agus cuireadh a thógáil mar chúram go sonrach ar Michel Polak, ailtire, a bhain úsáid as cuideachtaí áitiúla cáiliúla do mhaisiú an taoibh istigh. Cuimsíonn façade an fhoirgnimh cloch bhán sa bhloc lárnach de 15 x 31.4 méadar, agus dhá sciathán chliathánacha leis ag gobadh amach 11.4 x 35.4 méadar. Téann céimeanna taibhseacha de chloch ghorm go dtí an halla isteach maisithe le faoisimh agus cruan screamhaithe le doras iontach ina bhfuil painéal iarainn maisiúil saoirsithe. Tá adhmadóireacht na 1930í intí déanta as adhmad lómhar Congólach. Sna sciatháin bhíseomra ranga, músaem ortódóntaicebeag, leabharlann, seomra cótaí agus áiseanna sláintíochta. Bhí seomra raideolaíochta ar an gcéad urlár, obrádlanna, seomraí ainéistéise nó eastósctha, bardaí cailíní agus buachaillí agus saotharlanna. Ar an gcéad urlár sa chuid lárnach den fhoirgneamh, cuireadh 26 chathaoir fiaclóireachta nua-aimseartha i dtrí shraith i limistéar mór, le solas ag stealladh ó fhuinneoga miotalfhrámaithe móra.

Figiúr 1 - Tógáil Institiúid Eastman i 1934.

© University of Rochester Medical Center, Eastman Institute for Oral Health

Clinic Eastman, spás don eolaíocht is don dlúthpháirtíocht

Ó dearadh an clinic don chúram sláinte, bhí trealamh leighis úscothach ag an gclinic, ach b'iontach an aire a tugadh dá n-othair óga freisin. Bhí Polak cinnte gur gá clinic chomh tarraingteach agus ab fhéidir agus ba cheart a dhícheall a dhéanamh chun aird na leanaí a bhaint óna chuspóir cliniciúil. Dhein sé iarracht dath bán a sheachaint agus d'úsáid raon leathan dathanna ar na hurláir agus ar na ballaí. Chuir sé Camille Barthélémy, péintéir Beilgeach, ag maisiú an tseomra feithimh le fríosfhreascó ina léirítear radhairc ó fhabhalscéalta La Fontaine. Cuireadh éanlann chré-umha le héin choimhthíocha i lár an tseomra mar shiamsaíocht do pháistí ag fanacht lena gcoinne. Le linn a saolré, chuir Institiúid Eastman cóireáil ar thart ar 150 páiste in aghaidh an lae agus bhí sé ina ionad oiliúna fiaclóireachta. Ina theannta sin ba spás do chruinnithe eolaíochta é, a bhuíochas sin do sheomra comhdhála ina bhfuil toilleadh 150 suíochán.

An clinic is Parlaimint na hEorpa

Ó 1955, thugan foirgneamh cóiríocht chomh maith do theach scoir, áit chónaithe Eastman. Tar éis breis is 50 bliain de chúram fiaclóireachta áfach, chinn Lárionad leas sóisialach na Bruiséile (CPAS) a shaoráidí leighis agus scoir a dhúnadh chun an foirgneamh a chorprú ina shócmhainní príobháideacha. Ó na 1970í, bhí Parlaimint na hEorpa lonnaithe in áitreabh míphraiticiúil ar boulevard de l'Empereur. Ó bhí sí ag pleanáil gníomhaíochtaí a ngrúpaí polaitiúla agus coistí sa Bhruiséil a fhorbairt, cinneadh foirgneamh a thógáil ar rue Belliard, ar léas le rialtas na Beilge agus arna fholigean do Pharlaimint na hEorpa. Tá Foirgneamh Eastman suite díreach in aice rue Belliard[1]. I 1985, lig CPAS an foirgneamh do Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh athnuachan ar an léas arís agus arís eile sula bhfuair Parlaimint na hEorpa ar deireadh léasacht 99 mbliana ar an bhfoirgneamh in 2008.

Figiúr 2 - Seomra feithimh Institiúid Eastman maille lena héanlann, 1935.

Foinse: Archives d'Architecture Moderne, an Bhruiséil

Is dáta tábhachtach1985 i stair na hinstitiúide, ó chinn an Pharlaimint le rún a láithreacht sa Bhruiséil a fhorbairt agus leathchiorcal 600 suíochán ar a laghad a thógáil[2]. D'éagmais cinnidh ó na Ballstáit chun na hinstitiúidí Eorpacha a bhunú i suíomh amháin, cinneadh a bhí iarrtha ag Parlaimint na hEorpa, chinn an Pharlaimint a lamháil cúng d'ainliú a úsáid faoi na Conarthaí chun a cuid oibre a atheagrú . Bhí sé i gceist ról na hIonstraime Aonair, a bhí á hullmhú, a fheabhsú, agus chuige sin, thionóil Parlaimint na hEorpa seisiún iomlánach sa Bhruiséil don dara huair i 1983 in Palais des Congrès, rue Ravenstein. Bhí deacrachtaí teicniúla ag siúl leis an gcéad chleachtadh seo, rud a chruthaigh gur ghá don pharlaimint a bonneagar féin[3] a fhorbairt, níos oiriúnaí dá chuid oibre agus do mhéaduithe sa todhchaí (an Spáinn agus an Phortaingéil i 1986)

I 1986, níor oibrigh ach 11% d'fhoireann Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil, agus i 1983 tugadh cóiríocht dóibh i 413 oifig in rue Belliard agus 80 oifig in rue Remorqueur. Ach bhí dálaí oibre craptha acu agus, go dtí go dtógfaí foirgneamh nua, ba chiallmhar an mhaise Foirgneamh Eastman a fháil ar cíos. Tar éis 1985, reachtáladh go leor comhdhálacha san fhoirgneamh agus cuireadh caifitéire, siopa cló agus seomraí cruinnithe ann; i 1993, deineadh naíolann de ina raibh thart ar 220 ionad do leanaí na foirne. Ó shin i leith, d'fháiltigh an foirgneamh roimh chomhlachais Eorpacha éagsúla, amhail Femmes d'Europe, Fondation Pégase agus Cór an Aontais Eorpaigh. Thar na blianta, freastalaíodh ar chóiríocht ranna áirithe de chuid an Ombudsman Eorpaigh agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa ann.

Deineadh Parc Léopold agus go leor dá fhoirgnimh, mar shampla Institiúid Pasteur nó Leabharlann Solvay a liostú go páirteach i 1976. Níl Foirgneamh Eastman féin liostaithe ach tá na façades a fhéachann amach ar an bpáirc clúdaithe, áfach, faoi liostú an tsuímh féin. D'éascaigh an méid seo athchóiriú agus feabhsú an fhoirgnimh ar mhaithe le cultúr chun athghiniúint níos leithne a dhéanamh ar Parc Léopold. An 17 Meitheamh 2009, cheadaigh Biúró Pharlaimint na hEorpa athshannadh Fhoirgneamh Eastman chun freastal ar Áras Stair na hEorpa.

Céimeanna sa phróiseas comhshó

In Iúil 2009, sheol Parlaimint na hEorpa comórtas idirnáisiúnta ailtireachta trí chéim. Le linn an chomórtais, cuireadh béim ar ghnéithe amhail an tionscadal coincheap múseolaíochta, rochtain daoine faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, anailís ar riachtanais agus measúnú ar chostais oibríochtúla agus fiú tionchar an fhoirgnimh ar an gcomhshaol agus na feidhmíochtaí fuinnimh. Críochnaíodh an chéim dheiridh den chomórtas ag tús 2011 agus bhuaigh an tionscadal ag Atelier d'Architecture Chaix & Morel & Associates (an Fhrainc), JSWD Architekten (an Ghearmáin) agus TPF Engineering (an Bheilg). Áirítear leis an tionscadal síneadh comhaimseartha a thógáil agus athchóiriú na façades bunaidh agus seomraí áirithe d'fhonn aeistéitic stairiúil an láithreáin a chaomhnú. Éileofar sa tionscadal críochnaithe dúbailt spás an fhoirgnimh atá ann faoi láthair: leanfaidh sé isteach sa chlós laistiar agus in airde ar an díon. Urramóidh an foirgneamh trí stór seo, áfach comhdhéanamh an bhunstruchtúir, atá bunaithe ar phríomhaíocht lár an fhoirgnimh agus a shiméadrachta aisí. Os cionn an tseandín, beidh creatghloine scáileánphriontáilte den síneadh ina bhfeicfear an taobh istigh: priosmaí teimhneacha le feiceáil ag snámh i mbosca trédhearcach.

Figiúr 3: Áras Stair na hEorpa – an tionscadal Taobhradharc

Foinse: Atelier d'architecture Chaix & Morel et Associés, Paris JSWD, Köln Image: © E. Young / AACMA - JSWD

In 2012, bhí síneadh agus athchóiriú an fhoirgnimh measta ag EUR 31 milliún agus i gcás an taispeántais – lena n-áirítear suim mhór atá le leithdháileadh ar ilteangachas – EUR 2.4 milliún. Le linn an chomórtais ailtireachta, ghin an tionscadal dianphlé ar a oiriúnacht agus conas a bheadh sé oiriúnachi dtírdhreach ailtireachta na Bruiséile. De ghnáth tarlaíonn an cineál seo díospóireachta le linn do mhúsaeim mhóra a bheith á dtógáil sa lá ata inniu ann, agus tá údar leis seo. In 2012, d'éascaigh Parlaimint na hEorpa é trí thaispeántas de na tionscadail agus den bhuaiteoir deiridh a eagrú. D'eagraigh sí chomh maith go leor cruinnithe le cumainn áitritheoirí.

Áras Stair na hEorpa – an tionscadal

Ní smaoineamh nua músaem faoin Eoraip a chruthú. Sna 1990í smaoinigh an Coimisiún Eorpach ar sheomraí Eorpacha a oscailt i mórán músaem mór san Eoraip[4]. Láinseáladh tionscadal príobháideach Músaem na hEorpa sa Bhruiséil i 1997, mar thoradh air bhí dhá thaispeántas réamhfhíoraithe agus taispeántas taistil.

Smaoinigh roinnt tíortha Eorpacha chomh maith músaem náisiúnta mór a bhunú. D'éirigh leis an smaoineamh sa Ghearmáin le *Haus der Geschichte* in Bonn. Ar an láimh eile, deineadh tionscadal*Nationaal Historisch Museum*a sheol Parlaimint na hÍsiltíre in 2006 a thréigeadh in 2010, díreach mar a tharla do phlean an Uachtaráin Nicolas Sarkozy i gcás Maison de l'histoire de France a tréigeadh mar gheall ar an gcostas (EUR 80 milliún) chomh maith le cáineadh faoi insint náisiúnta a scríobh. Ar an taobh eile, sna Stáit Aontaithe, ó dheireadh an Chogaidh Fhuair, tá fás ar líon na músaem in Washington a sheachnaíonn smaoineamh ar scéal náisiúnta fairsing(*United States Holocaust Memorial Museum, National Museum of the American Indian*).

Sa chomhthéacs sin, tá cuma uaillmhianach ar thionscadal Áras Stair na hEorpa, a sheol Hans-Gert Pöttering go hoifigiúil i bhFeabhra 2007 inaóráid tionscnaimhtar éis a bheith tofa mar Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa. I Nollaig 2007, bunaíodh coiste saineolaithe ina raibh naoi staraí nó saineolaí músaem ón Eoraip ar fad[5]. Thíolaic an coiste bunús coincheapúil d'Áras Stair na hEorpa i Meán Fómhair 2008[6]. Cinneadh dá bhrí sin gurbh é misean lárnach Áras na Staire cuidiú le daoine ó gach cúlra agus ball den saol tuiscint níos fearr a fháil ar stair na hEorpa le déanaí, i bhfianaise na gcéadta bliain roimhe sin rud a thug smaointe agus luachanna múnlaithe trí phróisis a bhí uaireanta fada agus pianmhar. Teastaíonn ón músaem cur ar chumas an phobail féachaint go criticiúil ar stair na hEorpa agus ar an gcomhtháthú, ar a bhunús, ar a hionchais sa todhchaí agus ar a dúshláin[7]. Dá bhrí sin, ceapadh Áras Stair na hEorpa freisin mar spás foghlama neamhfhoirmiúil, timpeallacht inar féidir le cuairteoirí foghlaim tríd an méid taithí a fhaigheann siad sa mhúsaem. Tá Áras Stair na hEorpa deartha chun tumoideachais a chur chun cinn. Féachfaidh sé le cuairteoirí a spreagadh chun an stair a iniúchadh a thíolactar mar a stair féin agus a spéis i gcúrsaí reatha san Eoraip a mhúscailt. Trí stair na lánpháirtíochta Eorpaí a thíolacadh sa chomhthéacs is leithne de stair Eorpach an 20ú agus an 21ú haois, ba cheart go gcomhlánódh Áras Stair na

Figiúr 4: Áras Stair na hEorpa – an taobh istigh

Foinse: Atelier d'architecture Chaix & Morel et Associés, Paris JSWD, Köln Image: © E.Young / AACMA - JSWD

hEorpa mar sin an *Parlamentarium* a osclaíodh in 2011, ina ndírítear ar stair na lánpháirtíochta Eorpaí agus ar fheidhmiú Pharlaimint na hEorpa. Beidh cuairteoirí ar gceathrú Eorpach ábalta cuairt a thabhairt ar an dá áit, chomh maith le háiteanna suimiúla eile, mar shampla an Seomra Tionóil, an Esplanade agus an tslí isteach prótacail. Tabharfar leis seo léargas foriomlán ar fheidhmiú Pharlaimint na hEorpa, bunaithe ar chúlra stair na hEorpa.

Croílár Áras Stair na hEorpa is ea buantaispeántas staire a rianóidh suas go dtí an lá inniu, ag tosú leis an 19ú haois agus imeachtaí catastróife an Chéad agus an Dara Cogadh Domhanda, aistriú go dtí an Cogadh Fuar, titim an Chuirtín Iarainn agus Bhalla Bheirlín agus doimhniú na lánpháirtíochta Eorpaí, agus féachaint siar ar bhunús na mór-roinne, na Meánaoiseanna agus an stair nua-aimseartha.

Leanfaidh urláir éagsúla an mhúsaeim a chéile i seicheamh cronathéamach. Tríd síos an príomhthaispeántas cuirfear cás-staidéir i láthair ó pheirspictíochtaí éagsúla, ina dtarraingeofar ceisteanna anuas don chuairteoir. Beidh an spéir le feiceáil ón tsíleáil "oscailte" ar an urlár bairr, atá deartha chun léiriú nach bhfuil teorainn le féidearthachtaí na hEorpa amach anseo. Spás a bheidh ann chomh maith inar féidir le cuairteoirí a n-anáil a tharraingt agus machnamh a dhéanamh ar a n-imprisin. Chun déanamh amhlaidh, tiocfaidh Áras Stair na hEorpa i dtír ar stór na dteicnící a úsáideann músaeim comhaimseartha chun taithí a athchruthú trí impí ar na céadfaí, ina n-úsáidtear réada, amhairc, closamhairc agus mínithe i gceithre theanga is fiche oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Comhlánófar an taispeántas buan le gníomhaíochtaí eile, lena n-áirítear taispeántais shealadacha, taispeántais taistil agus réimse leathan imeachtaí agus foilseachán. Ina theannta sin, de bhreis ar na taispeántais agus ar na turais threoraithe, tá an músaem a ceaptha taithí foghlama a chur ar fáil do chuairteoirí trína ndúshlán a thabhairt a meas ar stair na hEorpa agus a hoidhreacht don domhan ina mairimid inniu a cheistiú.

Nuair a osclóidh Áras Stair na hEorpa i Samhain 2016, cuirfidh sé gné nua le cuairt ar Pharlaimint na hEorpa agus meastar freisin go méadóidh sé líon na gcuairteoirí go thart ar 350 000 in aghaidh na bliana. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí a rá trína stair fhada gur fhan Foirgneamh Eastman dílis dá thiomantas chun trealamh, eolaíocht agus for-rochtain phoiblí a nuáil. Maidir leis seo, ní haon áibhéil a rá go dtugann bunú Áras Stair na hEorpa an pháirc ar ais go dtína fréamhacha.

Príomhthagairtí

Construire une Maison de l'histoire européenne. Un projet du Parlement européen, Lucsamburg, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2013, 49 lch.

S. Clark agus J. Priestley, *Europe's Parliament, People, Places, Politics*, Londain, John Harper Publishing, 2012.

T. Demey, *Bruxelles, chronique d'une capitale en chantier*, imleabhar 2: *De l'Expo 58 au siège de la CEE*, an Bruiséil, Paul Legrain, 1992.

C. Mazé, *La fabrique de l'identité européenne, dans les coulisses des musées de l'Europe*,Páras, Beirlín, 2014

Nótaí

[1] Cúirt na nIniúchóirí, tuarascáil speisialta ó Chúirt na nIniúchóirí maidir le beartais cóiríochta institiúidí na gComhphobal Eorpach, IOC, uimh. C221/1, 3 Meán Fómhair 1979.

[2] Parlaimint na hEorpa, Rún maidir le saoráidí cruinnithe sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 1985, Seisiún doc: B2-1120/85.

[3] Mar shampla, ní raibh an seomra feistithe do vótáil leictreonach nó do vótaí glaoch rolla. Agence Europe, 28 Aibreán, 1983.

[4] Véronique Charléty, "L'invention du Musée de l'Europe, contribution à l'analyse des politiques symboliques européennes", *Regards sociologiques*, 27-28, 2004.

[5] Camille Mazé, *La fabrique de l'identité européenne, dans les coulisses des musées de l'Europe*, Páras, Beirlín, 2014.

[6] Comité d'experts, *Lignes directrices pour une Maison de l'histoire européenne*, Pairlimint na hEorpa, Deireadh Fómhair 2008.

[7] Taja Vovk van Gaal et Christine Dupont, "The House of European History", *Entering the minefields: the creation of new history museums*, conference proceedings from EuNAMus, 2012.

Séanadh agus Cóipcheart

Is é an t-údar amháin atá freagrach as an doiciméad seo agus ní gá gurb ionann aon tuairimí a nochtar ann agus seasamh oifigiúil Pharlaimint na hEorpa. Tá sé dírithe ar na Feisirí agus ar fhoireann PE chun cabhrú leo a gcuid oibre a dhéanamh. Údaraítear atáirgeadh agus aistriúcháin seachas chun críocha tráchtála, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse, go dtabharfar fógra roimh ré agus go gcuirfear cóip de ar fáil do Pharlaimint na hEorpa.

© An tAontas Eorpach, 2016.

eprs@ep.europa.eu
http://www.eprs.ep.parl.union.eu (intranet)
http://www.europarl.europa.eu/thinktank (internet)
http://epthinktank.eu (blag)